An Roinn Oideachais
Department of Education

# Sonraíocht churaclaim do Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2025.

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

# Clár Ábhar


An tSraith Shinsearach 2

Réasúnaíocht 4

Aidhmeanna 5

Leanúnachas agus dul chun cinn 6

Foghlaim an scoláire sa tSraith Shinsearach 7

Príomhinniúlachtaí 8

Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama 11

- Snáithe 1: Córais an Domhain, Beatha, agus an Timpeallacht 13
- Snáithe 2: Daoine, Cumhacht, agus Áit 16
- Snáithe 3: Naisc Dhomhanda 19
- Snáithe 4: Tascanna Foghlama Feidhmí 21

Teagasc ar fhoghlaim an scoláire 26

Measúnú 28

Socruithe réasúnta 31

Aguisín 1: Gluais de bhriathra gnímh 33

# An tSraith Shinsearach

Tá sé mar aidhm ag an tsraith shinsearach leanúint le hoideachas iomlánaíoch a chur ar an duine agus cur le rath an duine. Cuireann eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena shláinte agus a fholláine ar bhonn ginearálta. Baineann 8 dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach.

| Treoirphrionsabail na Sraithe Sinsearaí |
|---|
| Folláine agus caidreamh |
| Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht |
| Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht |
| Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol |
| Rogha agus solúbthacht |
| Leanúnachas agus aistrithe |
| Rannpháirtíocht agus saoránacht |
| Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí |

Is slat tomhais iad na prionsabail seo do scoileanna agus do shuíomhanna oideachais eile agus a sraith shinsearach á dearadh acu. Cuimsítear leis an tsraith shinsearach, Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, a bhfuil ábhair agus modúil mar chuid de. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile, lena n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach an scoláire, ag tógáil ar an tsraith shóisearach. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus glacann an scoláire níos mó freagrachta air féin as a chuid foghlama féin.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán don scoláire an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc aige, i gcomhréir lena chuid inniúlachtaí agus cumas féin. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag an scoláire dul i ngleic le dúshláin shóisialta, chomhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, agus chun feabhas a chur ar a thuiscint ar chearta an duine, ar cheartas sóisialta, ar chothroime, ar éagsúlacht agus ar inbhuanaitheacht. Tugtar tacaíocht don scoláire chun roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh agus conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach á roghnú aige agus bíonn deiseanna ag gach scoláire lúcháir agus sásamh a bhaint as clocha míle móra a bhaint amach ina chuid oideachais. Ba cheart go gcuirfeadh an sraith shinsearach bonn láidir faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí, sa gheilleagar agus sa saol aosach.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagródh sé dá chuid láidreachtaí agus riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don éagsúlacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois, stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid láidreachtaí, riachtanas, spéiseanna, inniúlachtaí agus réamheolais, scileanna, luachanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, leis an scoláire, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fís chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach chun tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí:

- pleanáil, forbairt, eagrú, machnamh agus measúnú éifeachtach curaclaim
- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann an scoláire agus a ligeann dó feabhsú
- cultúr scoile ina léirítear meas ar an scoláire agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

# Réasúnaíocht

Cuireann **Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta** ar chumas an scoláire cur chuige idirdhisciplíneach ata dírithe ar réitigh a chur i bhfeidhm le maireachtáil ar dhomhan inbhuanaithe agus é ag dul i ngleic le dúshláin inbhuanaithe chasta agus ábhartha lena n-áirítear an ghéarchéim aeráide.

Tá díghrádú comhshaoil ar cheann de na saincheisteanna is mó roimh bheatha ar ár bpláinéad agus is dúshlán suntasach é roimh rath an chine dhaonna. Tá na córais a rialaíonn cobhsaíocht an Domhain íogair agus idirnasctha. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais an duine gan teorainneacha criticiúla comhshaoil a shárú tuilleadh. Is féidir le daoine agus le pobail tús a chur le agus cur le hathruithe dearfacha, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil idirnasctha, lena n-áirítear caillteanas bithéagsúlachta, bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, agus an ghéarchéim aeráide. Léiríonn daoine óga a nuálaíocht, a gcumas, agus a ndíograis eagrú le gníomh a ghlacadh go leanúnach, ar son ceartais aeráide, agus mar shaoránaigh ghníomhacha ag cur tús le agus ag glacadh páirt san athrú sóisialta.

Cuireann Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta ar chumas an scoláire foghlaim faoi ghníomhú fiúntach agus taithí a fháil air.[1] Forbraíonn sé buneolas ar eolaíocht agus ceartas aeráide, ar an damáiste agus ar an gcaillteanas a mbíonn an t-athrú aeráide is cúis leis, agus ar mhaolú agus oiriúnú aeráide. Déanann sé scrúdú ar ról na scoláirí mar shaoránaigh dhomhanda, ag déanamh fiosrú ar na córais a rialaíonn cinnteoireacht, na rudaí taobh thiar de bochtaineacht domhanda agus éagóir aeráide. De réir mar a fhorbraíonn sé agus a chuireann sé a chuid scileanna i bhfeidhm a bhaineann le meastóireacht, dearadh agus machnamh a dhéanamh ar ghníomh, éiríonn an scoláire ina rannpháirtí agus/nó eagraí éifeachtach ar athrú comhchoiteann. Agus fiosrú á dhéanamh ar an am a chuaigh thart, ar an am i láthair agus ar an todhchaí maidir le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe, déanann an scoláire machnamh ar chruinneshamhlacha éagsúla, smaoiníonn sé go criticiúil, déanann sé cinntí eolacha, agus baineann sé úsáid as fianaise chun réitigh éifeachtacha ar mhaithe le timpeallacht shláintiúil agus inbhuanaitheacht shochaíoch a dhearadh agus, in amanna, chun dul i ngleic leo.

Bíonn tionchar ag an nádúr casta a bhaineann le géarchéimeanna comhshaoil agus ag an gcaoi a gcuirtear iad in iúl do dhaoine ar leibhéil chognaíocha, iompraíochta, shóisialta agus mhothúchánacha. Cuireann eispéireas an ábhair ar chumas an scoláire an éiginnteacht a chruthaíonn géarchéimeanna comhshaoil a láimhseáil le dóchas, teacht aniar agus le braistint dlúthpháirtíochta. Bíonn deiseanna ag an scoláire gníomhú ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh ligean dóibh athrú a fheiceáil go háitiúil agus sin á nascadh aige leis an mórphictiúr náisiúnta agus domhanda. Aithníonn sé go n-aimsítear na réitigh ar dhúshláin inbhuanaitheachta trí bhreathnú ar fud, agus in amanna, ag teacht le chéile ar imill chruthaitheacha na ndisciplíní. Trí dhul i ngleic go criticiúil le coincheap na forbartha inbhuanaithe, tagann sé ar thuiscint atá bunaithe ar fhianaise ar na gníomhartha atá ag teastáil le go mbeidh bláth faoi gach rud beo ar an Domhan ar bhealach inbhuanaithe agus cóir. San ábhar seo, bíonn deis ag scoláire nádúr idirnasctha agus domhanda an athraithe aeráide agus na héagóracha a bhaineann leis a thuiscint agus dul i ngleic leo, agus tionchar dearfach agus fiúntach a imirt ar an timpeallacht, go háirithe ar a thimpeallacht áitiúil. Trí iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna comhshaoil trí lionsaí na comhbhá, na ceannaireachta agus an phobail, tá sé de chumas ag eispéireas an scoláire san ábhar seo lorg láidir a fhágáil air – ní hamháin ar an scoláire féin ach orthu siúd thart orthu freisin.

[1] Féach an chuid 'Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire' i gcomhair tuilleadh mínithe ar nádúr an ghnímh san ábhar.

# Aidhmeanna

Is é an aidhm uileghabhálach atá ag Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta ná cumas an scoláire a fhorbairt le cinntí eolacha agus fiúntacha a ghlacadh do dhomhan atá cóir agus inbhuanaithe agus é ag dul i ngleic le dúshlán inbhuanaitheachta, lena n-áirítear an ghéarchéim aeráide. Go sonrach, cuireann Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta ar chumas an scoláire:

- A chuid tuisceana a thógáil ar roinnt croíchoincheap agus croíphrionsabal idirnasctha a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus le forbairt inbhuanaithe
- A chuid eolais a chur i bhfeidhm maidir le príomhdhúshláin inbhuanaitheachta a fhiosrú, a dhearadh agus bearta eolasacha a ghlacadh ina leith, lena n-áirítear an ghéarchéim aeráide
- Castacht a láimhseáil trí úsáid a bhaint as scileanna smaointeoireachta criticiúla, cinntí eolacha a dhéanamh bunaithe ar fhianaise eolaíoch bunaithe ar chearta agus ar phrionsabail an duine
- A chuid scileanna a fhorbairt ar conas smaoineamh go córasach, agus dearcthaí éagsúla á gcur san áireamh agus anailís a dhéanamh ar na bunchúiseanna le saincheisteanna domhanda
- Freagairt do dhúshláin agus deiseanna comhshaoil go machnamhach
- Na buntáistí iomadúla a aithint a bhaineann le foghlaim áitbhunaithe agus le foghlaim faoin aer.

# Leanúnachas agus dul chun cinn

Cuireann Gníomhú Aeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta leanúnachas agus dul chun cinn ar fáil, ag tógáil ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus meonta a eascraíonn ó oideachas luath-óige na bhfoghlaimeoirí agus ar aghaidh go dtí curaclam na sraithe sóisearaí, a chlúdaíonn eispéiris níos leithne laistigh den scoil agus a théann ar aghaidh níos faide ná an tsraith shinsearach.

## An tSraith Shóisearach

Glacann an tSraith Shóisearach le cur chuige traschuraclaim maidir le gnéithe den ghníomhú ar son na haeráide agus den fhorbairt inbhuanaithe a chomhtháthú i sonraíochtaí ábhair. Ligeann an méid sin do mhúinteoirí agus don scoláire pleanáil le haghaidh múinteoireachta, foghlama agus measúnaithe a bhaineann le hinbhuanaitheacht laistigh agus ar fud sonraíochtaí ar leith, agus ag aithint naisc inbhuanaitheachta idir ábhair. Tá torthaí foghlama a bhaineann go sonrach le hathrú aeráide agus forbairt inbhuanaithe leagtha amach in ábhair amhail eolaíocht, tíreolaíocht, staidéar gnó, eacnamaíocht bhaile agus teicneolaíocht adhmaid. Foghlaimíonn an scoláire faoi chúiseanna agus iarmhairtí an athraithe aeráide, agus faoi thionscnaimh a dhéanann iarracht dul i ngleic leis na hiarmhairtí sin. Fiosraíonn sé acmhainní nádúrtha agus in-athnuaite agus an tionchar a bhíonn ag úsáid na n-acmhainní sin ar an gcomhshaol. Fiosraíonn sé conas dramhaíl a íoslaghdú agus aithníonn sé na tionchair chomhshaoil agus shóisialta a bhíonn ag na cinntí a dhéanann daoine. Foghlaimíonn sé faoin gcothromaíocht idir córais chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta agus forbraíonn sé a chumas chun gníomh a dhéanamh agus conas maireachtáil ar bhealach inbhuanaithe. Is féidir leis an scoláire foghlaim faoi ghníomhú ar son na haeráide agus faoi choincheapa gaolmhara trí ghearrchúrsaí na sraithe sóisearaí, lena n-áirítear Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) agus gearrchúrsa ar Ghníomhú ar son na hAeráide. Ar fud na ngearrchúrsaí seo, bíonn deiseanna ag an scoláire foghlaim faoi chearta agus freagrachtaí, saoránacht dhomhanda, bunchúiseanna na héagóra aeráide, éagothroime dhomhanda, eolaíocht aeráide, agus comhghníomhaíocht a eagrú ar mhaithe le hathrú sóisialta.

## I ndiaidh na Sraithe Sinsearaí

Tá ríthábhacht agus práinn ag baint le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe inár saoil laethúla. Forbraíonn an scoláire léirthuiscint ar na meonta sóisialta agus cultúrtha a chuireann bonn eolais faoin dul chun cinn atá déanta againn mar speiceas agus mar phláinéad, agus faoinár róil chomhchoiteanna agus muid ag iarraidh domhan cóir agus inbhuanaithe a bhaint amach. Cabhraíonn na saincheisteanna agus na coincheapa a fhiosraíonn an scoláire san ábhar seo lena luachanna agus a mheonta a fhorbairt, agus beidh siad mar bhonn ar na bearta a dhéanfaidh sé, mar shaoránach domhanda freagrach, ar fud an domhain. Trí staidéar a dhéanamh ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe, faigheann an scoláire léirthuiscint ar ról an phobail agus na sochaí in éiceolaíocht chasta an phláinéid agus ina fhorbairt inbhuanaithe. Faigheann sé taithí ar an tionchar cumhachtach a bhíonn ag gníomh coiteann, agus forbraíonn sé a chumas tionchar dearfach a imirt ar athrú ina phobail agus níos faide i gcéin. Agus scaipeadh bréagaisnéise, iompraíochtaí neamh-inbhuanaithe agus réamhchlaonadh ag déanamh bagairt ar an daonlathas ar fud an domhain, foghlaimíonn an scoláire an tábhacht a bhaineann le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise, agus conas úsáid a bhaint as eolas agus cumhacht an ghrúpa choitinn chun daoine aonair, grúpaí, agus córais a thabhairt chun cuntais. Agus aghaidh á tabhairt ar éiginnteacht chomhshaoil agus ar na dúshláin a bhaineann léi nach bhfuil réiteach simplí orthu, tá sé breá ábalta cur le conas tabhairt faoi na dúshláin sin agus conas dul i ngleic leo.

Cuireann Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe bonn maith faoin scoláire ionas go mbeidh sé in ann tabhairt faoi ghairmeacha beatha éagsúla, lena n-áirítear rannpháirtíocht sa tsochaí, an obair, breisoideachas agus oiliúint, agus ardoideachas. Is féidir leis an bhfoghlaim a dhéantar le linn staidéar a dhéanamh ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe deiseanna a chur ar fáil le go leor gairmeacha iontacha agus tairbheacha a bhaint amach chomh maith le bunchloch a leagan le réimse leathan de dheiseanna a chur ar fáil i réimsí gaolmhara, cosúil le heolas imshaoil, oideachas, gnó, polaitíocht, agus staidéar sóisialta. Ar a bharr sin, cuimsíonn Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe réimse leathan d'inniúlachtaí lena n-áirítear smaointeoireacht chriticiúil, castacht a láimhseáil, smaointeoireacht chórasach, dearadh cruthaitheach, taighde, sintéis, agus meastóireacht. Forbraíonn taithí ar an ábhar scileanna cumarsáide, bainistíochta ama, éascaithe, eagrúcháin agus oibre foirne an scoláire. Tá na scileanna sin ábhartha don staidéar breise, agus go deimhin don fhoghlaim ar fad lasmuigh den oideachas foirmiúil.

## Foghlaim an scoláire sa tSraith Shinsearach

Cuimsítear le foghlaim an scoláire sa tsraith shinsearach, gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire **laistigh** de na hábhair agus na modúil a nglacann sé páirt iontu **agus** gach rud a fhoghlaimíonn an scoláire ag a bhfuil baint lena eispéiris sraithe sinsearaí **ar fad**. Is é an phríomhaidhm anseo ná go mbeidh gach scoláire níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla mar dhuine ag deireadh na sraithe sinsearaí ná mar a bhí siad sular thosaigh siad an tsraith shinsearach.

Ar mhaithe le soiléireacht, tugtar breac-chuntas faoin teideal 'príomhinniúlachtaí' ar an bhfoghlaim a bhaineann lena n-eispéiris **ar fad** sa tsraith shinsearach. Leagtar amach an fhoghlaim a tharlaíonn **laistigh** den ábhar nó den mhodúl sonrach faoin teideal 'snáitheanna agus torthaí foghlama'. Ach tá sé ríthábhachtach a aithint go bhforbraítear príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair nó mhodúil go comhtháite. Tá na príomhinniúlachtaí comhtháite ar fud na réasúnaíochta, na n-aidhmeanna, na dtorthaí foghlama agus ar fud ranna measúnaithe na sonraíochtaí. Go praiticiúil, is é an scoláire a fhorbraíonn príomhinniúlachtaí ar scoil trí na hoideolaíochtaí a úsáideann múinteoirí, agus an timpeallacht a fhorbraíonn siad ina seomraí ranga agus laistigh dá scoil. D'fhéadfadh na hábhair a bheith cabhrach don scoláire a phríomhinniúlachtaí a fhorbairt; agus is féidir leis na príomhinniúlachtaí foghlaim ábhair níos doimhne a fheabhsú agus a éascú. Nuair a tharlaíonn an comhtháthú seo, leanann an scoláire ar aghaidh ag baint tairbhe as

- le linn agus i gcaitheamh na sraithe sinsearaí
- le linn dó aistriú chuig gnéithe éagsúla i mbreisoideachas, oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus
- ina shaol mar dhuine fásta le linn dó caidrimh a bhunú agus a chothú le réimse leathan daoine ina saol agus páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Nuair a dhéanann múinteoirí agus an scoláire ceangail idir modhanna teagaisc a bhíonn in úsáid don scoláire, na hinniúlachtaí atá á bhforbairt aige agus na bealaí ar féidir leis na hinniúlachtaí sin foghlaim shainiúil ábhair an scoláire a dhoimhniú, éiríonn an scoláire níos feasaí ar na bealaí ar fad a gcuireann a n-eispéiris ar fud na sraithe sinsearaí lena fhorbairt iomlánaíoch mar dhuine.


# Príomhinniúlachtaí

Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí ina ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire ar bhealach imeasctha le linn na sraithe sinsearaí.




Fíor 1: Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mianaítear leo

Leagtar amach an t-eolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar seo thíos faoin teideal 'snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama'. Comhtháthaítear an t-eolas eipistéimeach ar fud na n-ábhar agus na modúl sna príomhinniúlachtaí.




Fíor 2: Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach, lena dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht.

Tá na scileanna seo nasctha le chéile agus is féidir iad a chónascadh; is féidir leo feabhas a chur ar fhoghlaim fhoriomlán an scoláire; is féidir leo cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí éagsúla foghlama; agus tá tábhacht ag baint leo tríd an gcuraclam go léir.

Cuireann forbairt litearthachta agus uimhearthacht an scoláire le forbairt na n-inniúlachtaí agus an bealach eile thart. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a dhéantar litearthacht agus uimhearthacht an scoláire a fhorbairt go maith agus nuair is féidir leis dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, teicneolaíochtaí ina measc, chun tacú lena chuid foghlama.

Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis an scoláire a chuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar a chúlra, ar a chuid cúinsí ná ar a chuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo, agus ba cheart go mbeadh neart deiseanna aige a phríomhinniúlachtaí a léiriú. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na príomhinniúlachtaí ar fáil ag https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/priomhinniulachtai-an-scolaire/

Is féidir na príomhinniúlachtaí seo a fhorbairt i nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta ar réimse bealaí. Mar shampla, tá rogha, guth agus tionchar san fhoghlaim agus sa tsochaí araon lárnach do **Rannpháirtíocht sa tSochaí** agus d'eispéireas an scoláire ar an ábhar. Feiceann an scoláire ról an chine dhaonna sna fadhbanna, ach sna réitigh chomh maith. Déanann sé machnamh ar a chuid luachanna, braistintí agus gníomhartha agus foghlaimíonn sé le bheith in ann comhghéilleadh a dhéanamh nó an fód a sheasamh, de réir mar is cuí. Nuair a thagann éagothromas agus éagóir chun cinn, foghlaimíonn sé conas dlúthpháirtíocht a léiriú agus iad ag iarraidh réitigh a fháil ar chásanna a bhaineann an bonn de dhínit agus de chearta an duine. Tuigeann sé go mbíonn tionchar coiteann ag ár ngníomhartha go háitiúil agus níos faide i gcéin, rud a léiríonn meas ar riachtanais agus cearta na nglúnta atá ann anois, na nglúnta a thiocfaidh inár ndiaidh agus don nádúr. De réir mar a fhaigheann sé taithí ar ghníomhartha a dhéanamh a chinntear go daonlathach, cothaíonn sé agus cuireann sé le luachanna daonlathacha ina scoil agus ina phobal. Forbraíonn sé féinéifeachtúlacht agus creideann sé go láidir ina chumas córais a chíoradh, a cheistiú, a chosaint agus a athrú ó bhonn.


Cabhraíonn an t-ábhar seo leis an scoláire a aithint go bhfuil éiginnteacht ag baint le todhchaí an phláinéid agus todhchaí na speiceas a mhaireann air, an cine daonna san áireamh, agus aghaidh á tabhairt ar dhíghrádú comhshaoil. Trína **Bheith Cruthaitheach**, smaoiníonn sé ar cheisteanna agus déanann sé iad a fhiosrú, sainaithníonn sé fadhbanna agus déanann sé tuairimíocht i dtaobh freagraí agus réitigh fhéideartha. De réir mar a fhorbraíonn sé a chumas freagairt do chastacht na ndúshlán, foghlaimíonn sé an tionchar a bhíonn ag a mhothúcháin ar na rudaí a spreagann chun gnímh é. Trína bheith ag obair lena chomhscoláirí agus meas a léiriú orthu, tá **Folláine á Cothú** ag an scoláire trí spás ionchuimsitheach tacúil a dhéanamh dá rang agus dá scoil. Trína ngníomhartha coiteanna, baineann sé leas as a chuid freagraí mothúchánacha chun meon teacht aniar, dlúthpháirtíochta agus cumhachtaithe a chothú ina rang agus ina phobal. Nuair a aithníonn sé éagóir, braitheann sé go bhfuil sé de chumhacht aige gníomhú i gcomhghuaillíocht le daoine eile, ag teacht leis an bhféiniúlacht, na luachanna agus na tuairimí atá á bhforbairt agus á gcur in iúl aige. De réir mar a bhíonn sé ag plé le daoine agus le grúpaí éagsúla ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain, foghlaimíonn an scoláire conas meas a bheith aige ar fhéiniúlachtaí agus ar chultúir éagsúla, iad a cheiliúradh agus a thuiscint.

Tá gníomh faoi stiúir daoine óga agus gníomhaíocht choiteann ríthábhachtach d'eispéireas an ábhair seo. Trí scafláil a dhéanamh ag an tús maidir le gníomh a eagrú agus a dhéanamh agus ag dul ar aghaidh chuig gníomh atá níos mó faoi stiúir an scoláire, foghlaimíonn an scoláire conas **Obair le Daoine Eile**. Foghlaimíonn sé conas cinntí a dhéanamh i ngrúpaí agus oibríonn siad le chéile chun spriocanna coiteanna a bhaint amach. Trína chuid tuairimí a roinnt le daoine eile trí **Chumarsáid** a dhéanamh leo, cuireann sé tuairimí in iúl go minic ar rudaí atá tábhachtach dó, agus forbraíonn sé a chumais plé a dhéanamh, argóint a dhéanamh, áitiú a dhéanamh agus eolas a thabhairt do dhaoine. Tuigeann sé agus tá sé oscailte don éagsúlacht a ghabhann le meonta agus cruinneshamhlacha a bhíonn ag grúpaí difriúla agus ag daoine aonair, agus an chaoi a bhfuil tionchar acu siúd ar chinnteoireacht maidir le cúrsaí comhshaoil. Nascann sé lena phobal áitiúil agus leis an nádúr, ag bailiú eolais ag baint úsáid as a chéadfaí ar fad. Mar chuid dá ghníomhartha cruthaíonn, dearann agus cumann sé réimse téacsanna, cosúil le déantáin fhisiciúla, léirithe, an focal scríofa agus labhartha.

Tacaíonn **litearthacht agus uimhearthacht** le forbairt príomhinniúlachtaí i seomra ranga Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta agus a mhalairt. Tá sé seo ábhartha go háirithe nuair a bhailíonn agus a léirmhíníonn an scoláire sonraí príomha agus é ag baint úsáid as modhanna analógacha agus digiteacha. Tagann tuilleadh feabhais ar litearthacht an scoláire tríd an meastóireacht chriticiúil a dhéanann sé ar shonraí tánaisteacha ó fhoinsí iontaofa. Trína chuid foghlama san ábhar, feabhsaítear litearthacht aeráide agus litearthacht pholaitiúil an scoláire. De réir mar a dhéanann sé measúnú ar an bhfianaise atá ag méadú i leith an athruithe aeráide atá spreagtha ag an gcine daonna, mar shampla, déanann sé iniúchadh ar shonraí, ar fhaisnéis, ar phatrúin agus ar threochtaí. Aithníonn sé castacht na faidhbe, agus déanann sé naisc idir tosca polaitiúla, eacnamaíocha, soch-chultúrtha agus comhshaoil. Tá **Smaointeoireacht agus Réiteach Fadhbanna** ar ardleibhéal ag teastáil le tabhairt faoin ábhar seo, mar úsáideann an scoláire raon straitéisí smaointeoireachta agus forbraíonn sé réitigh fhéideartha ar fhadhbanna. Tugann sé faoina chuid foghlama le hintinn oscailte, ag lorg dearcthaí éagsúla go gníomhach.

## Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama

Ceapadh an tsonraíocht do Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta le haghaidh 180 uair an chloig ar a laghad d'am ranga.




Fíor 3: Achoimre ar na snáitheanna

Leagtar na scileanna, luachanna agus meonta amach don scoláire i gceithre shnáithe i sonraíocht Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta - Córais an Domhain, Beatha, agus an Timpeallacht, Daoine, Cumhacht agus Áit, Naisc Dhomhanda, agus an snáithe ar Thascanna Foghlama Feidhmí. Cuireann an tsonraíocht béim ar chur chuige neamhlíneach comhtháite i leith na foghlama ar fud na snáitheanna. Aithníonn na torthaí foghlama sna snáitheanna seo a leanas; Córais an Domhain, Beatha, agus an Timpeallacht, Daoine, Cumhacht agus Áit, Naisc Dhomhanda – na príomhchoincheapa, prionsabail agus teoiricí trína bhfoghlaimíonn an scoláire faoi agus trína bhfaigheann sé taithí ar ghníomh fónta a dhéanamh. Aithníonn an snáithe ar Thascanna Foghlama Feidhmí ceithre thasc trína dtéann an scoláire i ngleic le saincheisteanna comhaimseartha agus é ag foghlaim faoi ghníomh agus trí ghníomh a dhéanamh, ag déanamh a chuid foghlama a chomhcheangal agus a chur i bhfeidhm ar fud na sonraíochta. Feidhmíonn na tascanna seo mar lionsaí trína bhfaigheann an scoláire taithí ar chuid den fhoghlaim sna trí shnáithe eile.

Ba cheart go bhféadfadh gach scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach, de réir a gcuid inniúlachtaí agus a chumais féin. Cuireann torthaí foghlama próisis teagaisc agus foghlama chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire de réir a chéile, rud a chuireann ar a chumas a phríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé chun cinn. Tabharfaidh scoláirí atá ag déanamh staidéar ar an nGnáthleibhéal agus ar an Ardleibhéal araon aghaidh chriticiúil ar an nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe, ach beidh an comhthéacs, an fhaisnéis agus na torthaí a eascraíonn as an rannpháirtíocht sin éagsúil lena chéile.

| Gnáthleibhéal | Ardleibhéal |
|---|---|
| • Téann an scoláire i ngleic le raon leathan eolais, atá nithiúil den chuid is mó, ach ina bhfuil gnéithe teibíochta nó gnéithe teoirice freisin. | • Téann an scoláire i ngleic le raon leathan eolais, lena n-áirítear coincheapa teoiriciúla agus smaointeoireacht theibí, le doimhneacht shuntasach i roinnt réimsí. |
| • Léiríonn an scoláire an úsáid a bhaineann sé as raon measartha de scileanna agus uirlisí agus roghnaíonn sé ó raon gnásanna agus cuireann sé réitigh atá ar eolas aige i bhfeidhm ar fhadhbanna i gcomhthéacsanna a bhfuil cleachtadh aige orthu agus i gcinn nach bhfuil. | • Léiríonn agus úsáideann an scoláire réimse leathan scileanna speisialaithe chun faisnéis a mheas agus a úsáid, chun straitéisí iniúchta a phleanáil agus a fhorbairt, agus chun réitigh a chinneadh ar fhadhbanna éagsúla nach bhfuil cleachtadh aige orthu. Sainaithníonn sé scileanna agus eolas agus cuireann sé i bhfeidhm iad i réimse leathan comhthéacsanna, idir chinn a bhfuil cleachtadh aige orthu agus chinn nach bhfuil. |
| • Forbraíonn an scoláire scileanna litearthachta agus baineann sé úsáid as fianaise agus sonraí le torthaí a chur in iúl agus le tátail a bhaint as ceisteanna a chuir sé féin agus cinn a chuir daoine eile. | • Forbraíonn an scoláire scileanna litearthachta agus baineann sé úsáid as fianaise agus sonraí cuí chun torthaí a chur in iúl go héifeachtach agus le tátail bhailí a bhaint i dtaca le ceisteanna a chuir sé féin agus cinn a chuir daoine eile. |

Tábla 1: Dearadh torthaí foghlama don ghnáthleibhéal agus don ardleibhéal

Tugtar achoimre ghairid ar gach snáithe thíos, agus tábla ina ndiaidh. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn an scoláire. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil. Tá leagtha amach in Aguisín 1 gluais de na briathra gnímh atá in úsáid sna Torthaí Foghlama.

## Snáithe 1: Córais an Domhain, Beatha, agus an Timpeallacht

Sa snáithe seo, foghlaimíonn an scoláire go bhfuil timpeallacht shláintiúil ríthábhachtach le hinbhuanaitheacht a chinntiú, agus ceistíonn sé an fhianaise ar dhamáiste don chomhshaol agus ar chaillteanas comhshaoil de bharr tionchar an duine (córasach, eacnamaíoch, polaitiúil, stairiúil) ar chórais nádúrtha. Agus béim á leagan ar chastacht na ndúshlán inbhuanaitheachta, cuireann an snáithe seo le heolas an scoláire ar eolaíocht aeráide agus ar chórais chomhshaoil. Trí bhreithniú a dhéanamh ar fhianaise agus ar mhúnlaí eolaíocha atá suas chun dáta, déanann an scoláire iniúchadh ar na cúiseanna agus na héifeachtaí a bhaineann le hathrú comhshaoil agus forbraíonn sé tuiscint ar bhealaí inar féidir na hathruithe sin a thomhas. Tabharfaidh sé seo bunús eolaíoch don scoláire lena ghníomhartha a chosaint agus a mheas. De réir mar a fhoghlaimíonn sé faoi chórais Domhanda, aithníonn an scoláire go bhfuil teorainneacha ag baint leis an gcomhshaol agus tuigeann sé an baol damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann nuair a bhrúitear na teorainneacha sin thar thairseacha áirithe. Trína chuid foghlama thar an snáithe seo agus na snáitheanna go léir, forbraíonn sé tuiscint go bhfuil cothromaíocht chomhshaoil idirnasctha le gach rud - ónár stair go dtí ár dtodhchaí, ár gceantar, agus ag gach leibhéal cinnteoireachta.

### Snáithe 1: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • Córais an domhain:<br>• geoisféar • crióisféar • atmaisféar<br>• bithsféar • hidrisféar<br>• éiceachórais dhomhanda:<br>• talún • fionnuisce<br>• muirí • faoi thalamh<br>• idirnaisc éagsúla lena n-áirítear timthriall carbóin agus timthriall an uisce | **1.** breac-chuntas a thabhairt ar chórais an Domhain agus ar na naisc idir éiceachórais dhomhanda |
| • tosca nádúrtha a mbíonn tionchar acu ar aeráid an Domhain:<br>• brúchtaí bolcánacha<br>• cruthú na n-aigéan<br>• gníomhaíocht phlátaí teicteonacha<br>• éabhlóid na beatha<br>• athruithe ar dhéine sholas na gréine<br>• athruithe malla i bhfithis an Domhain<br>• cruthú breoslaí iontaise | **2.** tosca nádúrtha a aithint a imríonn tionchar ar aeráid an Domhain ó cruthaíodh an domhan |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • iarmhairt ceaptha teasa nádúrtha agus fheabhsaithe<br>• gáis ceaptha teasa lena n-áirítear $CO_2$, $N_2O$, $CH_4$, gal uisce | **3.** an iarmhairt ceaptha teasa a mhíniú |
| • gníomhaíochtaí a chuireann le hastaíochtaí náisiúnta agus domhanda, lena n-áirítear:<br>  • iompar<br>  • tionsclaíocht<br>  • talmhaíocht<br>  • teicneolaíocht<br>  • dó breoslaí iontaise<br>  • dífhoraoisiú<br>  • athrú ar úsáid talún | **4.** iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí is cúis leis an éifeacht ceaptha teasa fheabhsaithe<br><br>**5.** coincheap an Antrapaicéinigh a phlé |
| • príomhspreagthaí an chaillteanais bithéagsúlachta:<br>  • athrú ar úsáid na farraige agus na talún<br>  • saothrú díreach acmhainní nádúrtha<br>  • an t-athrú aeráide<br>  • truailliú<br>  • speicis neamhdhúchasacha ionracha. | **6.** an chaoi a bhfuil caillteanas bithéagsúlachta ag tarlú mar gheall ar roinnt príomhspreagthaí a léiriú |
| • sonraí tánaisteacha, lena n-áirítear:<br>  • athrú teochta le himeacht ama<br>  • leibhéil frasaíochta<br>  • leibhéil gás ceaptha teasa an atmaisféir<br>  • leibhéil farraige ag ardú<br>  • fianaise stairiúil | **7.** an fhianaise maidir le téamh domhanda atá spreagtha ag an duine a léiriú, trí úsáid a bhaint as sonraí tánaisteacha |
| • teorainneacha pláinéadacha mar chreat chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le beatha an duine a bheith faoi bhláth laistigh de theorainneacha chórais an Domhain<br>• an chaoi a dtiocfaidh athrú mór ar an timpeallacht mar thoradh ar theorainneacha pláinéadacha a shárú | **8.** achoimre a thabhairt ar choincheap na dteorainneacha pláinéadacha |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • an chaoi a bhfuil éiceachórais shláintiúla idirspleách le:<br>• cosaint ar thionchair an athraithe aeráide<br>• slí bheatha<br>• sláinte agus fóillíocht<br>• luach aeistéitiúil<br>• cultúr<br>• cearta an duine a réadú, etc. | **9.** cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil éiceachóras áitiúil roghnaithe agus folláine an duine ag brath ar a chéile |
| • tionchar tosca timpeallachta ar cheann amháin ar a laghad díobh seo a leanas in éiceachóras áitiúil:<br>• aer<br>• ithir<br>• uisce<br>• bithéagsúlacht | **10.** tionchar tosca timpeallachta ar éiceachóras áitiúil roghnaithe a imscrúdú, sonraí príomhúla a bhailiú agus a úsáid chun tacú le conclúidí<br>**11.** breac-chuntas a thabhairt ar ghníomhartha is féidir a dhéanamh chun an t-éiceachóras áitiúil roghnaithe a chosaint nó a fheabhsú |
| • suirbhéanna éiceolaíochta – sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a bhailiú | |
| • feachtais ar son chearta an dúlra, lena n-áirítear ról na bpobal dúchasach maidir le cearta dlíthiúla an dúlra a bhunú go rathúil | **12.** argóintí ar son chearta an nádúir a phlé |

## Snáithe 2: Daoine, Cumhacht, agus Áit

Sa snáithe seo, bíonn deis ag an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar ár n-áit i ngníomhú ar son na haeráide agus i bhforbairt inbhuanaithe agus ar an ngaol idir daoine agus áit atá ag síorathrú. Tagraíonn Áit, sa chás seo, do scoil nó pobal áitiúil an scoláire nó d'Éirinn. Chomh maith leis sin léiríonn sé féiniúlacht agus luachanna daoine aonair agus grúpaí, lena n-áirítear luachanna polaitiúla. Toisc go bhfuil ár bhféiniúlachtaí, ár luachanna agus ár ngníomhartha idirnasctha leis an méid a tharlaíonn ar fud an domhain, iarrtar ar an scoláire machnamh a dhéanamh ar chomhthéacsanna idirnáisiúnta maidir le coincheapa amhail forbairt inbhuanaithe, aistrithe córa, bunchúiseanna na héagóra aeráide, agus an chaoi a ndéantar idirghabháil orthu sin trí dhaoine agus áit. I Snáithe 3, beidh deiseanna breise ag an scoláire machnamh a dhéanamh ar an ngaol idir daoine agus áit atá ag síorathrú ó thaobh dearcadh domhanda de. De réir mar a dhéanann an scoláire iniúchadh ar choincheapa amhail an pobal, cinnteoireacht, úsáid fuinnimh agus bunchúiseanna na héagóra aeráide, glacann sé am le machnamh a dhéanamh ar a fhéiniúlacht agus ar a luachanna féin. Déanann sé luachanna a léirítear trí ghníomhartha daoine aonair agus grúpaí ina scoil, ina cheantar agus ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain a mheas, agus tuigeann an chumhacht atá ag an bpobal meon inbhuanaitheachta a spreagadh trí iarracht choiteann.

### Snáithe 2: Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • cáintí ar fhorbairt agus ar fhorbairt inbhuanaithe<br>• bunús agus amlínte choincheap na hinbhuanaitheachta | **1.** coincheap na forbartha inbhuanaithe a phlé |
| • nádúr trasnach na héagóra aeráide agus na n-éagóracha eile<br>• difríochtaí i gcéimíocht shóisialta agus cumhacht atá faoi thionchar ag eitneachas, inscne, stádas socheacnamaíoch, etc. | **2.** léirthuiscint a bheith ann ar an gcaoi a dtéann difríochtaí i gcéimíocht shóisialta agus i gcumhacht sa tsochaí i bhfeidhm ar chumas gníomhaithe |
| • idirghníomhú gníomhartha socheacnamaíocha, institiúideacha agus teicneolaíocha agus an ról atá acu sin ar an timpeallacht, lena n-áirítear:<br>  ◦ geilleagar fáis agus caipitleachas<br>  ◦ eastóscachas<br>  ◦ corparáid agus neamhchothroime cumhachta<br>  ◦ coilíneachas<br>  ◦ ciníochas timpeallachta<br>  ◦ ciníochas<br>  ◦ cur faoi chois cearta daonna<br>  ◦ éagothroime rachmais<br>  ◦ éagothroime inscne | **3.** breac-chuntas a thabhairt ar bunchúiseanna na héagóra aeráide agus iad a shainaithint |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • an difríocht idir iompraíochtaí pearsanta agus athruithe sistéamacha níos leithne ar gá dóibh tarlú<br>• cineálacha éagsúla iompraíochtaí pearsanta a bheith ar fáil<br>• pribhléid grúpaí éagsúla beart a dhéanamh thar ghrúpaí eile<br>• róil an gnímh aonair agus na comhghníomhaíochta | **4.** imscrúdú a dhéanamh ar thionchar agus ar an éifeachtacht a bhaineann le hiompar pearsanta maidir le hiarmhairtí diúltacha ar an gcomhshaol a laghdú; comparáid a dhéanamh le comhghníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm acu athruithe córasacha níos leithne a bhaint amach trí aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna |
| • foinsí fianaise amhail<br>  • ailt nuachta<br>  • na meáin shóisialta<br>  • fianaise ó dhaoine aonair/grúpaí<br>  • cuairt áitbhunaithe<br>  • gníomhaíochtaí agus tionscnaimh reatha nó roimhe seo | **5.** iniúchadh a dhéanamh ar éifeachtacht ghníomh aeráide nó inbhuanaitheachta i suíomh scoilbhunaithe nó áitiúil |
| • pobail nuálacha atá ag tabhairt faoi réiteach fadhbanna rannpháirtíochta | **6.** comparáid a dhéanamh idir an chaoi a bhfuil pobal nuálach in Éirinn agus pobal nuálach ón Domhan Theas ag dul in oiriúint d'éifeachtaí an athraithe aeráide |
| • cúiseanna a gcuirtear nó nach gcuirtear cinntí beartais i bhfeidhm<br>  • páirtithe leasmhara atá páirteach<br>  • rialtais agus institiúidí le cumhacht<br>  • leasanna dílsithe<br>• cinnteoireacht a bhfuil athrú dearfach nó diúltach i gceist léi<br>• tosca ar féidir leo tionchar a imirt ar chinnteoireacht, lena n-áirítear<br>  • idé-eolaíocht pholaitiúil<br>  • próisis reachtaíochta<br>  • stocaireacht<br>  • luachanna cultúrtha<br>  • feachtasaíocht na cosmhuintire | **7.** measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cinnidh beartais náisiúnta in Éirinn a bhfuil tionchar aige ar an gcomhshaol, agus tionchar tosca eacnamaíocha, polaitiúla, cultúrtha agus eiticiúla ar an gcinneadh beartais á chur san áireamh |
| • aistriú cóir in earnáil agus i suíomh ar leith | **8.** achoimre a thabhairt ar choincheap na n-aistrithe córa; sampla d'aistriú cóir in Éirinn a shainaithint |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
| --- | --- |
| • an chaoi a n-imríonn earnáil tionchar ar an gcomhshaol agus bealaí chun an sprioc maidir le haistriú cóir a bhaint amach<br>• fostaíocht sna hearnálacha – deiseanna oibre le hionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn<br>• iompar – eitlíocht, loingseoireacht, poiblí, príobháideach<br>• talmhaíocht – éilimh bheartais agus chostais ar earnáil na feirmeoireachta, táirgeadh talmhaíochta méadaithe, gluaiseacht talmhaíochta athghiniúnach<br>• cónaithe – tógáil, rátáil fuinnimh tithe, iarfheistiú | **9.** scrúdú a dhéanamh ar an gcuma a bheadh ar aistriú cóir do na hearnálacha seo a leanas in Éirinn:<br>• iompar<br>• cónaithe<br>• talmhaíocht |

## Snáithe 3: Naisc Dhomhanda

Sa snáithe seo, fiosraíonn an scoláire smaointeoireacht agus gníomhartha domhanda. Cuireann sé a thaithí ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar fhorbairt inbhuanaithe i saincheisteanna níos leithne maidir le cinnteoireacht agus cumhacht mar a léirítear trí rialachas, trí fhórsaí eacnamaíocha agus trí éagothroime dhomhanda. Déanann sé iniúchadh ar cheartas aeráide i gcomhthéacs iarrachtaí trasnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar chaillteanas aeráide, damáiste, agus fiachas éiceolaíoch. Trí dhul i ngleic le samplaí ón bhfíorshaol, foghlaimíonn sé faoi ról na teicneolaíochta, na nuálaíochta, agus réitigh dhúlrabhunaithe maidir le todhchaí eile a shamhlú.

### Snáithe 3 Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| | **1.** breac-chuntas a thabhairt ar na cineálacha cuir chuige eacnamaíocha seo a leanas i leith na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear gné dhearfach agus ghné dhiúltach amháin ar a laghad:<br>• caipitleachas<br>• dífhás<br>• bithgheilleagar<br>• eacnamaíocht taoschnónna<br>• geilleagar ciorclach |
| • gluaiseachtaí ceartais aeráide, lena n-áirítear sampla sonrach amháin ón Domhan Thuaidh agus ón Domhan Theas | **2.** éilimh agus éachtaí na ngluaiseachtaí ceartais aeráide a fhiosrú |
| • coincheap agus tionscnamh stairiúil na SFInna<br>• ag féachaint go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin | **3.** cur síos a dhéanamh ar bhunús agus ar rúin na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) |
| | **4.** na coincheapa seo a leanas a shainmhíniú i ndáil le cumarsáid maidir le hathrú aeráide:<br>• mífhaisnéis<br>• bréageolas<br>• snas glas |

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • barántúlacht agus iontaofacht na meán cumarsáide:<br>  ◦ na meáin chlóite<br>  ◦ na meáin chraolta agus dhigiteacha (na meáin shóisialta san áireamh)<br>• cumarsáid maidir le ceartas aeráide<br>• tionchar agus rialú na meán faoin méid a thuairiscíonn siad agus ar an gcaoi a dtuairiscíonn siad ar chúrsaí ceartais aeráide<br>• ról na comhpháirtíochta maidir le dúshlán a thabhairt faoi insintí éagsúla | **5.** an chaoi a gcuirtear saincheist a bhaineann le ceartas aeráide in iúl sna meáin éagsúla a mheas, agus cruinneshamhlacha an domhain pholaitiúil, eacnamaíoch agus chultúrtha á gcur san áireamh<br>**6.** breac-chuntas a thabhairt ar a bhfuil i gceist le maolú agus oiriúnú don athrú aeráide, fiachas aeráide, fiachas éiceolaíoch, caillteanas agus damáiste aeráide<br>**7.** coincheapa an mhaolaithe agus oiriúnaithe don athrú aeráide ó thaobh an cheartais aeráide de a phlé |
| • todhchaíochtaí féideartha a léiríonn cuir chuige eolaíocha, teicneolaíocha agus dúlrabhunaithe<br>• machnamh criticiúil ar na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a bhíonn ann mar gheall ar réitigh<br>• fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear cumhacht ghaoithe, grianchumhacht, cumhacht hidrileictreach, cumhacht gheoiteirmeach<br>• éifeachtúlacht uisce, lena n-áirítear caomhnú, úsáid fhreagrach, bonneagar<br>• ceapadh carbóin, lena n-áirítear<br>  ◦ bitheolaíoch – stóráil carbóin i bportaigh, i bhforaoisí, in ithreacha, in aigéin<br>  ◦ geolaíoch – stóráil fhadtéarmach carbóin i gcarraigeacha scagacha | **8.** plé a dhéanamh ar conas is féidir le réitigh difriúla geilleagair a dhícharbónú, lena n-áirítear<br>• fuinneamh in-athnuaite<br>• éifeachtúlacht uisce<br>• ceapadh carbóin<br>**9.** ról na gcur chuige dúlrabhunaithe a iniúchadh maidir le geilleagair a dhícharbónú |
| • gealltanais idirnáisiúnta a rinneadh mar chuid de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus de Chomhdháil na bPáirtithe (CP) | **10.** scrúdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag gealltanais idirnáisiúnta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar<br>• fhorbairt beartais in Éirinn<br>• an rannpháirteachas atá ag teastáil ó Éirinn chun na gealltanais sin a bhaint amach |

## Snáithe 4: Tascanna Foghlama Feidhmí

Leagann an snáithe ar Thascanna Foghlama Feidhmí béim ar an tábhacht atá ann don scoláire a chumas a fhorbairt le smaoineamh agus le gníomhú go hinbhuanaithe. Thar dhá bhliain an staidéir rachaidh an scoláire i ngleic le ceithre Thasc Foghlama Feidhmí a dhéantar i ngrúpaí beaga. Déanann an scoláire tascanna a phleanáil, agus a chur i gcrích a bhraitheann sé atá ábhartha dó féin go pearsanta nó dá pháirtithe ranga, dá phobal áitiúil, nó don tsochaí ar bhonn níos leithne.

Tugann na ceithre Thasc Foghlama Feidhmí deis don scoláire dul i ngleic go comhoibríoch le príomhchoincheapa an ábhair i bhfíorchásanna. Is lionsa iad trínar féidir leis an scoláire blaiseadh a fháil ar chuid den fhoghlaim ó na chéad trí shnáithe. Tá na torthaí foghlama ó na chéad trí snáithe fite fuaite ina chéile agus leis na Tascanna Foghlama Feidhmí a chur i gcrích déanfaidh an scoláire na rudaí seo a leanas:

- saincheisteanna a mheas ó thaobh dearcthaí éagsúla de
- an idircheangailteacht idir cúrsaí áitiúla agus domhanda a aithint
- cinntí eolacha a dhéanamh atá bunaithe ar thaighde
- cuir chuige idirdhisciplíneacha a mheas le fadhbanna a réiteach agus le réitigh a chruthú.

Déanann an scoláire doiciméadú, machnamh agus a chuid foghlama a roinnt ó gach Tasc Foghlama Feidhmí Cuirfidh an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na dearcthaí a fhorbraíonn an scoláire trí na Tascanna Foghlama Feidhmí le bonn eolais a chur faoina chuid foghlama ar fud an ábhair.

Déanfaidh an múinteoir measúnú agus tabharfaidh sé aiseolas ar fhoghlaim an scoláire mar chuid den teagasc agus foghlaim leanúnach sa seomra ranga. Ní dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) measúnú ar na Tascanna Foghlama Feidhmí. Is féidir measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim trí na tascanna foghlama feidhmí agus na torthaí foghlama a bhaineann leo tríd an gcomhpháirt mheasúnaithe bhreise agus tríd an scrúdú ag deireadh an chúrsa.

### Snáithe 4 Torthaí foghlama

#### Tasc Foghlama Feidhmí 1: Plé a dhéanamh ar ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe

Sa Tasc Foghlama Feidhmí seo, beidh spás ag an scoláire labhairt faoi ghnéithe den ábhar seo atá tábhachtach dó. Déanfaidh sé plé ar shaincheist a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus le forbairt inbhuanaithe a phleanáil agus a éascú. Is féidir leis an scoláire formáid agus nádúr an phlé a shocrú agus d'fhéadfadh plé i ngrúpa beag, díospóireacht sa seomra ranga, comhrá le hoifigeach tofa nó le scoláirí ó scoil nó tír eile a bheith i gceist leis seo. Tá saincheisteanna a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus le forbairt inbhuanaithe casta toisc go bhfuil tionchar ag tosca éagsúla orthu, a chuimsíonn réimsí a bhfuil leas áitiúil agus leas domhanda ag baint leo. Tríd an bplé a phleanáil agus a éascú, éireoidh an scoláire eolach ar na dearcthaí agus na luachanna iomadúla a chuireann bonn eolais faoin tsaincheist idir lámha. Déanfaidh sé measúnú criticiúil ar argóintí agus, nuair is gá, tabharfaidh sé dúshlán éifeachtach do pheirspictíochtaí agus déanfaidh siad iad a thástáil ar bhealach ionchuimsitheach. Déanfaidh sé scileanna éascaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, scileanna a bheidh in úsáid aige i réimsí eile laistigh agus lasmuigh den ábhar. Tríd an taithí a bhaineann leis an bplé a ullmhú, é a éascú, agus machnamh a dhéanamh air, fiosróidh sé ról na luachanna, lena n-áirítear a chuid luachanna féin, agus a thionchar ar chinnteoireacht.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • an chaoi a spreagann luachanna dearcthaí agus meonta an duine aonair chun tacú le nó gan tacú le hinbhuanaitheacht san am i láthair agus sa todhchaí<br>• tionchar na dteachtaireachtaí ó fhógraíocht, na meáin, cuideachtaí, idé-eolaíocht eacnamaíoch | **1.** comparáid a dhéanamh idir an chaoi a bhfuil luachanna éagsúla ag daoine, lena n-áirítear a chuid luachanna féin, atá mar bhonn ag a ndearcthaí agus a meonta maidir le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe |
| • an chaoi a bhfuil luachanna éagsúla ag grúpaí agus daoine aonair éagsúla<br>• an chaoi a dtéann córais luachanna i bhfeidhm ar an tuiscint atá ag daoine, pobail, sochaithe éagsúla (lena n-áirítear pobail dhúchasacha), ar an nádúr anois agus san am atá caite | **2.** plé a dhéanamh ar conas is féidir le luachanna a bhaineann leis an nádúr athrú idir ó dhuine go duine agus thar am |
| • scileanna éascaithe:<br>  ◦ éisteacht ghníomhach<br>  ◦ ceistiú<br>  ◦ feasacht ar iompar daoine eile,<br>  ◦ coimhlint a bhainistiú, etc.<br>  ◦ féinfheasacht<br>• rannpháirtíocht agus guth gach duine atá ag glacadh páirt i bplé a spreagadh<br>• bacainní féideartha ar rannpháirtíocht a bhaint | **3.** plé cuimsitheach maidir le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe a éascú |

## Tasc Foghlama Feidhmí 2: Taighde a dhéanamh ar ghníomh

Sa Tasc Foghlama Feidhmí seo, foghlaimeoidh an scoláire faoi ghníomhartha daoine eile. Déanfaidh siad taighde ar chás inar tugadh faoi ghníomh chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide agus ar fhorbairt neamh-inbhuanaithe, nó ar chás ina bhfuil gníomh tar éis éagóir aeráide níos mó a chruthú. Ar na samplaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist, tá taighde a dhéanamh ar ghluaiseachtaí sóisialta, ar thionscnaimh ghnó, ar fheachtais ar son nó i gcoinne an cheartais aeráide, agus ar ghníomhartha a dhéanann eagraíochtaí éagsúla chun tionchar dearfach nó diúltach a imirt ar fhorbairt inbhuanaithe go háitiúil, go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta. De réir mar a dhéanann sé a chuid taighde, foghlaimíonn an scoláire conas teacht ar fhaisnéis ó fhoinsí iontaofa éagsúla agus conas iad a mheas. Déanann sé freagrachtaí agus cuntasacht iad siúd atá i gcumhacht a dhéanann cinntí a mheas. Aithníonn sé príomhchúiseanna na héagóra a spreag daoine chun gnímh, agus na hathruithe a bhaintear amach trí ghníomh a dhéanamh. Trína chuid taighde déanann sé a thuiscint ar na gnéithe a bhaineann le gníomh éifeachtach a dhéanamh a dhoimhniú agus a thuiscint ar cá háit a bhféadfaidís na gnéithe sin a chur i bhfeidhm ina ghníomhartha féin amach anseo. Trí mhachnamh a dhéanamh ar an ngníomh a rinneadh, déanann sé machnamh ar an gcaoi a mbaineann ceartas aeráide le comhionannas agus le cearta an duine chomh maith leis an aeráid.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • sainmhínithe éagsúla ar cheartas aeráide<br>• an chaoi ar féidir leis an gceartas aeráide bonn eolais a chur faoi ghníomhartha pearsanta agus grúpa<br>• an chaoi a dtéann athrú aeráide i bhfeidhm ar dhaoine ar bhealach difriúil ag brath ar thosca amhail aois, saoránacht, eitneacht, stádas sóisialta a shíltear, tíreolaíocht, inscne, etc. | **1.** iniúchadh a dhéanamh ar na bríonna agus na prionsabail a bhaineann le ceartais aeráide |
| • gníomhartha ó leibhéal áitiúil go leibhéal domhanda<br>• naisc idir gníomhartha nua-aimseartha agus bunchúiseanna stairiúla<br>• éagsúlacht agus réimse foinsí<br>• conas a d'fhéadfadh easpa mionsonraí nó claontacht a bheith ag baint le foinsí | **2.** taighde a dhéanamh ar ghníomh a thugann aghaidh ar an athrú aeráide nó atá ina chúis leis, agus le forbairt neamh-inbhuanaithe; foinsí éagsúla faisnéise a mheas, lena n-áirítear sonraí tánaisteacha |
| • leibhéil rialtais agus rialachais atá oiriúnach don ghníomh roghnaithe<br>• scrúdú a dhéanamh ar chaidrimh chumhachta<br>• cumas gníomhúcháin polaitiúil an phobail le córais a thabhairt chun cuntais, athruithe a éileamh, agus gníomhartha a dhéanamh ar bhealaí inbhuanaithe nó neamh-inbhuanaithe iad féin | **3.** míniú a thabhairt ar an ról atá ag córais pholaitiúla agus eacnamaíocha ar iompar agus ar ghníomhartha inbhuanaithe |

## Tasc Foghlama Feidhmí 3: Eispéireas nádúrbhunaithe a cheapadh

Tríd an Tasc Foghlama Feidhmí seo, forbraíonn an scoláire meas ar na naisc idir an nádúr agus daoine. Pléitear leis an nádúr, san ábhar seo, mar choimíneacht (talamh/spás, ithir, uisce, aer) agus, más ábhartha, acmhainní nádúrtha (breoslaí iontaise, mianraí, foinsí fuinnimh in-athnuaite, etc.). Sa Tasc Foghlama Feidhmí seo cruthaíonn an scoláire eispéireas do dhaoine eile le nasc a chruthú leis an nádúr thart timpeall air. Agus an tasc á dhearadh aige, baineann an scoláire úsáid as a chuid cruthaitheachta agus cuireann a thaithí féin ar an nádúr, chomh maith le sonraí a bhaineann lena chomharsanacht, a bonn eolais faoi. Trí pháirt a ghlacadh sa tasc seo, forbraíonn an scoláire meas ar na caidrimh atá ann idir an timpeallacht fhisiciúil agus timpeallacht nithe beo, agus na naisc atá acu le córais pholaitiúla, eacnamaíocha agus shoch-chultúrtha, agus folláine an duine.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| • saincheisteanna áitiúla daoine, cumhachta agus áite atá ábhartha nó tábhachtach<br>• rialtais, grúpaí cumhachtacha nó comhlachtaí atá ag cur bac nó moill le gníomhú ar son na haeráide nó comhlachtaí a chumasaíonn gníomhú ar son na haeráide agus a bhfuil roghanna eile á bhfiosrú acu | **1.** anailís a dhéanamh ar aincheisteanna comhaimseartha a bhaineann le húsáid talún nó nádúir in Éirinn, ag smaoineamh ar an gcumhacht atá ag grúpaí éagsúla maidir leis an toradh a shocrú |
| • anailís a dhéanamh ar shonraí (idir phríomhúil agus tánaisteach) agus teacht ar chonclúidí | **2.** anailís a dhéanamh ar shonraí (cáilíochtúil/cainníochtúil) le patrúin agus naisc a aithint |
| • úsáid a bhaint as fianaise leis an bpobal a chur ar an eolas faoi na naisc atá ann idir an nádúr agus córais pholaitiúla, eacnamaíocha agus shoch-chultúrtha | **3.** a chuid torthaí taighde agus iniúchta a eagrú agus a chur in iúl ar bhealaí cuí a oireann don fheidhm agus don lucht éisteachta, le téarmaíocht agus léiriúcháin ábhartha in úsáid |
| • eispéireas a ullmhú chun ligean do dhaoine nasc a dhéanamh leis an nádúr mórthimpeall orthu | **4.** eispéireas rannpháirtíochta a dhearadh, bunaithe ar a chuid torthaí taighde agus imscrúdaitheacha, a fheabhsaíonn caidrimh an phobail leis an nádúr; na buntáistí a bhaineann le bheith sa nádúr agus ceangal leis an nádúr a aithint |

## Tasc Foghlama Feidhmí 4: Gníomh a eagrú

Tríd an Tasc Foghlama Feidhmí seo, tugtar tacaíocht don scoláire chun foghlaim conas é féin a eagrú go héifeachtach chun gníomh féideartha a phleanáil agus a dhearadh. Oibríonn siad i ngrúpaí chun gníomh a phleanáil agus a dhearadh ar shaincheist a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus le forbairt inbhuanaithe a chinn siad go daonlathach. D'fhéadfaí an gníomh seo a dhearadh le do dtarlódh sé i suíomhanna éagsúla ón seomra ranga go dtí an scoil, an pobal, nó comhthéacsanna níos leithne. Trí dhul i ngleic leis an tasc seo, forbraíonn an scoláire scileanna chun taighde a dhéanamh ar ghníomh, é a phleanáil agus a dhearadh.

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
| --- | --- |
| • ar na straitéisí sin, tá:<br>  ◦ stocaireacht<br>  ◦ eagrú pobail<br>  ◦ eagrú ceardchumann<br>  ◦ caingne dlí<br>  ◦ easumhlaíocht shibhialta<br>  ◦ baghcat<br>  ◦ léiriú cruthaitheach trí na healaíona<br>• straitéisí a úsáideann gníomhaithe nó grúpaí dúchasacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha, grúpaí sochaí sibhialta, srl. | **1.** straitéisí a mbaineann grúpaí agus gluaiseachtaí sóisialta úsáid astu d'fhonn ceartas aeráide a shaothrú a aithint le hathrú a bhaint amach, ag cur eolas áitiúil a bailíodh óna phobal san áireamh |
| • saincheist ar leith ar mian leis aghaidh a thabhairt uirthi a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus le forbairt inbhuanaithe | **2.** taighde a dhéanamh agus cur síos a dhéanamh ar fhadhb a bhaineann leis an tsaincheist<br>**3.** gníomh féideartha a phleanáil agus a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb<br>**4.** na straitéisí agus na hacmhainní atá ag teastáil a aithint ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar an bhfadhb<br>**5.** machnamh a dhéanamh ar thionchar féideartha an ghnímh |

# Teagasc ar fhoghlaim an scoláire

Thar a dhá bhliain staidéir i nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta, tugtar deiseanna go minic don scoláire foghlaim faoi, ar son agus trí ghníomhú ar son domhan atá cóir agus inbhuanaithe. Trí thaithí chomhtháite na foghlama ar fud na gceithre shnáithe, tacaítear le raon leathan cur chuige teagaisc agus foghlama. Tugann aidhmeanna agus nádúr an ábhair seo agus na réimsí a ndéantar iniúchadh orthu deis do mhúinteoirí agus do scoláire Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta tógáil ar dhea-chleachtais reatha sa seomra ranga. Is féidir an deis seo a chur i gcrích trí aird a thabhairt ar an nádúr a bhaineann leis an ngníomh, ar nádúr an spáis foghlama, agus ar an ngné mhothaitheach a bhaineann leis an bhfoghlaim san ábhar seo.

## An nádúr a bhaineann leis an ngníomh

Cumasaíonn Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta an scoláire lena chumas gníomhúcháin féin a aithint, a chuid muiníne a fhorbairt le tionchar a imirt ar athrú agus a acmhainn le gníomh a dhéanamh a aithint. Ar fud na snáitheanna staidéir, tá fócas comhtháite ar fhoghlaim faoi ghníomh, foghlaim cathain le gníomhú, agus foghlaim trí ghníomh a dhéanamh nuair is cuí. Tugann eispéireas ar an ábhar deis don scoláire tógáil ar ghníomhartha dearfacha aonair nó ar ghníomhartha coiteanna a d'fhéadfadh a bheith déanta aige sna luathchéimeanna dá oideachas, amhail fuinneamh a chaomhnú nó athchúrsáil a dhéanamh. Leathnaíonn sé a pheirspictíocht ar an ról atá ag an gcomhghníomhaíocht maidir le dul i bhfeidhm ar athrú agus ar a acmhainneacht mar dhuine aonair tionchar a imirt ar na gníomhartha coiteanna a dhéantar. De réir mar a ghlacann an scoláire páirt i bhfoghlaim saoil agus fheidhmeach sa seomra ranga agus i suíomhanna eile, ar nós tograí áitiúla ar éiceachóras, feachtasaíocht ar chúrsaí inbhuanaitheachta, for-rochtain leis an bpobal, forbraíonn sé dearcadh réalaíoch agus dóchasach ar an nádúr a bhaineann leis an ngníomh, rud a chuimsíonn agus a chuireann luach ar tionscnaíocht aonair ach a théann níos faide ná sin chomh maith. Tacaíonn múinteoirí leis an scoláire eolas, scileanna, luachanna agus meonta a fhorbairt le gníomh éifeachtach a dhéanamh;

- atá coiteann ó thaobh a nádúir de
- a bhfuil sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna a bhaineann le saincheisteanna aeráide agus inbhuanaitheachta, in áit aghaidh a thabhairt ar chomharthaí amháin
- a dhéanann plé ar chúrsaí cumhachta, agus ar cé aige a bhfuil an chumhacht, i gcomhthéacs ar leith
- atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht le daoine a mbíonn tionchar ag saincheisteanna aeráide agus inbhuanaitheachta orthu
- a chumasaíonn daoine agus a chuireann fáilte roimh rannpháirtíocht ó dhaoine agus ó phobail eile lasmuigh den seomra ranga sa tsochaí i gcoitinne.
- a chuireann le agus a thugann aghaidh ar éagothroimí domhanda a athrú ó bhonn

Tá comhoibriú i measc comhscoláirí ag teastáil le gníomhú éifeachtach a bhaint amach chomh maith leis an ról bunúsach atá ag pobail agus ag an tsochaí ar an iomlán le hathruithe a chur i bhfeidhm. Is iad na múinteoirí atá in ann na breithiúnais ghairmiúla is fearr a thabhairt ar eispéiris foghlama a chuirfidh ar chumas a gcuid scoláirí gníomh níos éifeachtaí a dhéanamh de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an ábhar. Tacaíonn sé leis an scoláire ina aonar agus i ngrúpaí beaga chun eolas, scileanna, luachanna agus meonta a fhorbairt feadh contanaim gníomhaíochta, ag tógáil ar ghníomh faoi stiúir múinteoirí go gníomhú faoi stiúir daoine óga, a chinneann scoláirí go daonlathach.

## An spás foghlama

Is féidir tacú leis an scoláire torthaí foghlama na sonraíochta seo a bhaint amach trí eispéiris chuí agus áitbhunaithe a chur ar fáil sa seomra ranga, áit a mbíonn deiseanna aige:

- gníomhú feasach a dhéanamh mar dhuine aonair agus i ngrúpaí beaga araon, le forbairt na n-inniúlachtaí atá ag teastáil a uasmhéadú le gníomh éifeachtach a dhéanamh.
- taithí a fháil ar chur chuige iomlánaíoch a dhéanann mothúcháin, smaointeoireacht agus eispéiris saoil an scoláire a mheas
- páirt a ghlacadh i saoránacht dhaonlathach, lena mbaineann machnamh criticiúil, rannpháirtíocht dhaonlathach agus gníomh bunaithe ar eolas
- muintearas agus nasc le háit, nádúr, agus pobal a thógáil
- teacht aniar a chothú ann féin agus teacht aniar a spreagadh i measc a chomhscoláirí.

Mar gheall ar a éagsúla agus a bheidh na gníomhaíochtaí a dtabharfaidh an scoláire fúthu, cuirfear ar a chumas dul i gceannas ar a chuid foghlama féin trí spriocanna a leagan síos, pleananna gníomhaíochta a fhorbairt, agus aiseolas measúnaithe a fháil agus a fhreagairt. Teastaíonn tacaíocht de mhéid agus de chineál difriúil ón scoláire ionas go n-éireoidh leis. Beidh éileamh difriúil le sonrú in aon ghníomhaíocht foghlama mar go mbíonn smaointe agus tuiscint dhifriúil ag an scoláire ina leith. Cuirtear an ionchuimsitheacht chun cinn trí úsáid a bhaint as straitéisí, mar shampla leibhéal na scileanna a theastaíonn a athrú, méid agus cineál idirghabháil an mhúinteora a athrú, agus luas agus ord na foghlama a athrú. Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim agus soláthróidh siad faisnéis atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an scoláire aonair. De thoradh tascanna cuí agus mealltacha a shocrú, ceisteanna a mbaineann dúshlán éagsúil cognaíoch leo a chur, agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú le foghlaim chomh maith le hachoimre a thabhairt ar ghnóthachtáil.

## An gné mhothachtálach a bhaineann leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim i nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Cuirfidh Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta deiseanna ar fáil don scoláire mothúcháin a bhainistiú ar bhealach dearfach agus é ag maireachtáil le héiginnteacht. Tá sé tábhachtach go dtuigeann an scoláire go bhfuil freagraí mothúchánacha ar an ngéarchéim aeráide agus comhshaoil bailí, agus ba cheart spás a chruthú don scoláire le mothúcháin a chur in iúl agus anailís a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann a chuid mothúchán bonn eolais faoina iompraíochtaí agus faoin gcaoi a mbíonn sé ag idirghníomhú leis an ábhar foghlama.

Ba cheart do mhúinteoirí a bheith ar an eolas faoin gcomhcheangal casta idir mothúcháin agus saincheisteanna ar ghníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe i ngach gné den fhoghlaim. De réir mar a fhoghlaimíonn an scoláire faoi mhéid na ndúshlán atá i gceist agus na riachtanais maidir le gníomhú éifeachtach, tá sé tábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir dóchas agus réadúlacht, toisc go bhféadfadh sé a bheith deacair dóchas a chothú maidir leis an gcumas freagairt don ghéarchéim aeráide agus iad ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin an-dáiríre agus práinneacha atá roimh an domhan. Cuireann eispéireas an ábhair ar chumas an scoláire scileanna a fhorbairt i dtimpeallachtaí tacúla, teacht aniar agus dóchas a chothú chun na saincheisteanna éagsúla a thagann aníos ina chuid foghlama san ábhar agus sa tsochaí i gcoitinne a láimhseáil. Foghlaimíonn sé, cé nach laghdóidh iarrachtaí aonair amháin iarmhairtí na géarchéime aeráide agus comhshaoil, tá an cumas agus an cumas gníomhúcháin aige tionchar a imirt agus gníomh coiteann a dhéanamh le hathruithe a bhaint amach.

# Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Baintear úsáid as measúnú chun an tslí chuí a aimsiú don scoláire trí churaclam éagsúil, chun sainréimsí láidreachta nó deacrachta scoláire áirithe a shainaithint agus chun gnóthachtáil a thástáil agus a theistiú. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Measúnú don Teistiúchán

Tá an measúnú le haghaidh teistiúcháin bunaithe ar an réasúnaíocht, ar chuspóir agus ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe bhreise a bhfuil Tionscadal Gníomhaíochta i gceist léi. Beidh an scrúdú scríofa ar ghnáthleibhéal agus ar ardleibhéal. Bunófar an Tionscadal Gníomhaíochta ar threoir chomónta. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

Sa scrúdú scríofa, déanfar Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta a mheasúnú ar dhá leibhéal – Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal (Tábla 2). Éileoidh na ceisteanna scrúdaithe go léireoidh an scoláire foghlaim atá cuí don leibhéal. Beidh idirdhealú le sonrú sa mheasúnú freisin tríd an ábhar spreagthach a úsáidtear, agus trí mhéid na tacaíochta struchtúrtha a thugtar don scoláire ag gach leibhéal.

| Comhpháirt Mheasúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| Tionscadal Gníomhaíochta | 40% | Treoir Chomónta |
| Scrúdú scríofa | 60% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |

Tábla 2: Achoimre ar an Measúnú don Teistiúchán

## Comhpháirt mheasúnaithe bhreise: Tionscadal Gníomhaíochta

Tugann an Tionscadal Gníomhaíochta deis don scoláire tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar choincheapa agus ar phrionsabail a d'fhoghlaim tríd an gcúrsa, agus, ag an am céanna, úsáid a bhaint as na straitéisí praiticiúla agus an smaointeoireacht a d'fhorbair sé tríd an gcúrsa chun gníomh éifeachtach a dhéanamh i réimse an Ghníomhaithe Aeráide agus na Forbartha Inbhuanaithe Is féidir príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt tríd an bhfoghlaim ar fad sa chúrsa seo, agus cuirfear na príomhinniúlachtaí sin i bhfeidhm trí rannpháirtíocht an scoláire sa Tionscadal Gníomhaíochta. Tugann an Tionscadal Gníomhaíochta deis don scoláire tógáil ar a thaithí go dtí seo agus ar an bhfoghlaim ar thorthaí foghlama a bhaineann le snáithe na dTascanna Foghlama Feidhmí a chur in iúl, chomh maith le torthaí foghlama ó na snáitheanna eile de réir mar is cuí ó thaobh na treorach de.[2]

Tabharfaidh an scoláire faoi ghníomh dá rogha féin a bhaineann le topaic laistigh den treoir chomónta, a eiseoidh an CSS ar bhonn bliantúil. Cé go bhféadfadh go bainfidh an scoláire úsáid as agus a bheith ag obair le daoine eile agus a Thionscadal Gníomhaíochta á dhéanamh aige, leagann sé a chuid fianaise ar fhoghlaim isteach agus déanfar measúnú aonair uirthi. Déanfaidh sé taighde agus cur síos ar shaincheist a bhaineann le hábhar laistigh den treoir, agus aithneoidh sé bealaí a ndeachaigh daoine eile i ngleic le saincheist den chineál céanna. Bainfidh sé leas as an bhfoghlaim seo chun gníomh a phleanáil, a dhearadh agus a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist. I rith an phróisis, bainfidh sé úsáid as agus cuirfidh sé na straitéisí agus an smaointeoireacht a d'fhoghlaim sé i rith an chúrsa i bhfeidhm chun gníomh a eagrú agus a dhéanamh. Beifear ag súil go ndéanfaidh sé measúnú ar obair a rinneadh ar a thionscadal gníomhaíochta agus go ndéanfaidh sé machnamh ar an eispéireas. Ar chur i gcrích an tionscadail, ní mór don scoláire aighneacht aonair a chur ar fáil ar a Thionscadal Gníomhaíochta i bhfoirm atá leagtha síos ag CSS.

Bíonn ardleibhéal neamhspleáchais ag scoileanna chun cur i gcrích an Tionscadail Gníomhaíochta a phleanáil agus a eagrú. Tugann doiciméad ar leith, Treoirlínte leis an Tionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích, treoir maidir le raon ábhar a bhaineann le heagrú, cur i bhfeidhm agus maoirseacht an tionscadail.

[2] Meastar go dtógfaidh an CMB suas le 20 uair an chloig le cur i gcrích. Cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil sna Treoirlínte chun tacú leis an Tionscadal Gníomhaíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta.

## Tuairisceoirí cáilíochta don Tionscadal Gníomhaíochta

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann an scoláire ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal amach sa Tionscadal Gníomhaíochta. Go háirithe, éilíonn an Tionscadal Gníomhaíochta go ndéanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:

- An gníomh a phleanáil agus a dhéanamh
- Cumarsáid
- Machnamh.

| | An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| An gníomh a phleanáil agus a dhéanamh | téann sé i ngleic go críochnúil leis na coincheapa laistigh den ghníomh a roghnaigh sé, déanann sé go leor córais idirnasctha a mheas agus déanann sé measúnú ar raon leathan d'fhoinsí iontaofa chun bonn eolais a chur faoin gcaoi a ndéanann sé an gníomh a phleanáil, a dhearadh agus a chur i gcrích. Tá na straitéisí a bhaineann le gníomh éifeachtach a dhéanamh cuí, bailí, roghnaítear iad agus cuirtear i bhfeidhm iad. | téann sé i ngleic go maith leis na coincheapa laistigh den ghníomh a roghnaigh sé, déanann sé raon meonta a mheas agus baineann sé úsáid as raon d'fhoinsí iontaofa chun bonn eolais a chur faoin gcaoi a ndéanann sé an gníomh a phleanáil, a dhearadh agus a chur i gcrích. Roghnaítear agus cuirtear straitéisí chun gníomh a dhéanamh i bhfeidhm. | téann sé i ngleic leis na coincheapa laistigh den ghníomh a roghnaigh sé go pointe áirithe, déanann sé roinnt meonta a mheas chun bonn eolais a chur faoin gcaoi a ndéanann sé an gníomh a phleanáil, a dhearadh agus a chur i gcrích Ní roghnaítear straitéisí le gníomh a dhéanamh. |
| Cumarsáid | déanann sé cumarsáid i rith an phróisis sna foirmeacha is soiléire agus is oiriúnaí, léiríonn sé tuiscint agus mothálacht i leith an phobail/na bpobal ar mian leis dul i bhfeidhm orthu agus teagmháil a dhéanamh leo. Úsáidtear teanga agus téarmaíocht sheasmhach agus chomhleanúnach i gcur i láthair faisnéise ar ardchaighdeán. | déanann sé torthaí a thionscadail a chur in iúl go soiléir agus i bhfoirmeacha éagsúla, agus an tionchar a imríonn a chuid cumarsáide ar phobal/phobail á chur san áireamh. Úsáidtear teanga agus téarmaíocht atá measartha seasmhach agus comhleanúnach i gcur i láthair maith faisnéise. | baineann sé úsáid as foirmeacha cumarsáide doiléire maidir le torthaí a thionscadail. Úsáidtear teanga agus téarmaíocht neamhsheasmhach agus neamhleanúnach i gcur i láthair teoranta faisnéise. |
| Machnamh | tugann sé faoi mhachnamh meáite i rith an tionscadail, cuireann sé an próiseas agus an t-eispéireas a bhain leis an tionscadal a chur i gcrích i gcomhthéacs laistigh de shaincheisteanna níos leithne a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt inbhuanaithe. | déanann sé machnamh ar an gcaoi a bhfuil baint ag próiseas agus eispéireas an tionscadail a chur i gcrích le gníomhú ar son na haeráide agus le forbairt inbhuanaithe. | déanann sé naisc theoranta idir an bhaint atá ag próiseas agus eispéireas an tionscadail gníomhaíochta a chur i gcrích le gníomhú ar son na haeráide agus le forbairt inbhuanaithe. |

Tábla 3: Tuairisceoirí cáilíochta: Tionscadal Gníomhaíochta

## Scrúdú scríofa

Beidh raon cineálacha ceisteanna sa scrúdú scríofa. Tá príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí (Fíor 2) fite fuaite sna torthaí foghlama agus déanfar iad a mheasúnú i gcomhthéacs na dtorthaí foghlama. Cuimseofar rogha ceisteanna leis an scrúdpháipéar ina ndéanfar an méid seo a leanas a mheasúnú ag an leibhéal cuí:

- an fhoghlaim a ndéantar cur síos uirthi sna ceithre shnáithe
- cur i bhfeidhm fhoghlaim an scoláire ar shaincheisteanna an fhíorshaoil a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus le forbairt inbhuanaithe.

# Socruithe réasúnta

Éilíonn sonraíocht seo Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta go rachaidh an scoláire i ngleic le nádúr an ábhair ar bhonn leanúnach i rith an chúrsa. Tá dhá chuid ag baint leis an measúnú don teistiúchán i nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta: scrúdú scríofa ar fiú 60% de na marcanna ar fad é agus comhpháirt bhreise ar fiú 40% í. Sa chomhthéacs sin, tá scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), scéim a ceapadh chun cuidiú leis an scoláire a mbeadh deacracht aige an scrúdú a rochtain nó an méid atá ar eolas aige a chur in iúl do scrúdaitheoir mar gheall ar dheacracht fhisiceach, amhairc, chéadfach, éisteachta nó foghlama. Cuidíonn an scéim seo leis na scoláirí sin an méid atá ar eolas acu agus an méid atá siad in ann a dhéanamh a léiriú gan cur isteach ar chaighdeán an mheasúnaithe. Dírítear sa scéim ar bhacainní ar rochtain a bhaint, agus an gá atá leis an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta bunúsacha céanna a mheas a dhéantar a mheasúnú do gach scoláire eile, agus na caighdeáin chéanna gnóthachtála a chur i bhfeidhm is atá i bhfeidhm maidir le gach scoláire eile. Déanann an Coimisiún gach iarracht le linn dó an scéim seo a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais mheasúnaithe aonair trí na hoiriúntais seo.

Is cúinsí iad sin inar féidir an riachtanas chun réimsí foghlama ar leith a léiriú, le linn don scoláire a bheith á mheasúnú le haghaidh teastasaithe, a tharscaoileadh nó a dhíolmhú, a fhad nach gcuirfidh sé isteach ar shláine iomlán an mheasúnaithe.

Tá eolas níos mionsonraithe faoi scéim na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe sna Scrúduithe Teastais, lena n-áirítear na socruithe atá ar fáil agus na cúinsí ina bhféadfaidís a bheith i bhfeidhm, ar fáil ó Roinn na Socruithe Réasúnta/Ionchuimsithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

Sula ndéanfaidh an scoláire cinneadh chun staidéar a dhéanamh ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta, ba cheart don scoláire agus a thuismitheoirí, i gcomhairle leis an scoil, athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama na sonraíochta seo agus ar mhionsonraí na socruithe measúnaithe. Ba cheart dó machnamh a dhéanamh go cúramach, lena fháil amach an mbeidh sé in ann na torthaí foghlama a bhaint amach, nó an bhfuil riachtanas speisialta oideachais aige a fhágann nach mbeadh sé in ann a léiriú go bhfuil na torthaí bainte amach aige, fiú tar éis na socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm. Más rud é go gcreideann an scoil go mb'fhéidir nach mbeadh scoláire in ann páirt iomlán a ghlacadh sna socruithe measúnaithe don teistiúchán, tá sé riachtanach go ndéanann siad teagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## Grádú na hArdteistiméireachta

Déanfar Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta a ghrádú le scála grádúcháin 8 bpointe. Is é Grád 1 an grád is airde; is é Grád 8 an grád is ísle. Tá marcanna céatadáin idir 100% agus 30% i gceist leis na seacht ngrád is airde (1-7). Tá na gráid roinnte ina raonta cothroma atá 10% ar leithead. Bronntar Grád 8 as marcanna céatadáin níos lú ná 30%. Déantar idirdhealú idir gráid an Ardleibhéil agus gráid an Ghnáthleibhéil trí A nó G a chur roimh an ngrád faoi seach. Dá bhrí sin, tá A1–A8 i gceist ag an Ardleibhéal agus tá G1–G8 i gceist leis an nGnáthleibhéal.

| Grád | Marcanna % |
|---|---|
| A1/G1 | 90 – 100 |
| A2/G2 | 80 < 90 |
| A3/G3 | 70 < 80 |
| A4/G4 | 60 < 70 |
| A5/G5 | 50 < 60 |
| A6/G6 | 40 < 50 |
| A7/G7 | 30 < 40 |
| A8/G8 | < 30 |

Tábla 4: Grádú na hArdteistiméireachta.

# Appendix 1 Glossary of action verbs

| Action verb | Students should be able to |
|---|---|
| **Aithin** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Anailísigh** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| **Cuir luach ar** | brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud |
| **Cuir síos** | pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú |
| **Déan** | tabhairt faoi ghníomhaíocht |
| **Déan comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd |
| **Dearadh** | ceapadh, cruthú agus cur i ngníomh de réir plean |
| **Eagraigh** | rud a shocrú; rud a chórasú nó a rianú |
| **Éascaigh** | gníomh nó próiseas a dhéanamh níos éasca; plé a stiúradh go comhfhiosach ionas go bhfanann sé dírithe agus go mbaintear na spriocanna comhaontaithe amach |
| **Fiosraigh** | breathnaigh, déan staidéar, d'fhonn fíricí a chruthú |
| **Iniúchadh** | breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua |
| **Léirigh** | samplaí a úsáid chun cur síos ar rud éigin |
| **Machnaigh** | rud a mheas chun ceartúchán nó feabhsúchán a dhéanamh |
| **Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Measúnaigh (sonraí)** | sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Mínigh** | mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna |
| **Pleanáil** | modh nó cur chuige a cheapadh nó a bheartú |
| **Pléigh** | athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba cheart tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí |
| **Sainaithin** | patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| **Sainmhínigh** | míniú beacht a thabhairt ar fhocal, ar fhrása, ar choincheap nó ar chainníocht fhisiceach |
| **Scrúdaigh** | argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus caidrimh na saincheiste |
| **Tabhair breac-chuntas** | na príomhphointí a thabhairt; na nithe ríthábhachtacha amháin |
| **Taighde** | sainfhiosrú a dhéanamh, ag úsáid iniúchadh casta agus criticiúil |
| **Taispeáin** | rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil |
| **Úsáid** | eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh |

An Roinn Oideachais
Department of Education

Foilsithe mí Lúnasa 2024.